2026/2608

23.11.2026

CINNEADH (AE) 2026/2608 ÓN gCOMHAIRLE

an 9 Samhain 2026

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim i ndáil le Moladh a bhaineann le leasú a dhéanamh ar an Ainmníocht atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe agus le formheas Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú nó comhairle eile faoi léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31, Airteagal 43(2) agus Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Trí bhíthin Chinneadh 87/369/CEE ón gComhairle [1], d'fhormheas an tAontas an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí [2], agus an Prótacal lena ndéantar leasú air [3] ('Coinbhinsiún CC'), lenar bunaíodh, *inter alia*, an Coiste um an gCóras Comhchuibhithe ('Coiste CC').

(2) De bhun Airteagal 7(1), pointí (a), (b) agus (c), de Choinbhinsiún CC, is iad feidhmeanna Choiste CC cibé leasuithe ar Choinbhinsiún CC a mholadh a d'fhéadfaí a mheas a bheith inmhianaithe, ag féachaint, go háirithe, do riachtanais úsáideoirí agus d'athruithe ar theicneolaíocht nó ar phatrúin trádála idirnáisiúnta, Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú nó comhairle eile mar threoracha maidir le léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe a ullmhú agus moltaí a ullmhú chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe.

(3) De bhun Airteagal 8(1) de Choinbhinsiún CC, scrúdaíonn Comhairle na hEagraíochta Domhanda Custaim (EDC) tograí chun Coinbhinsiún CC a leasú, arna n-ullmhú ag Coiste CC, agus molann sí do na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún CC iad faoi nós imeachta Airteagal 16 mura n-iarrann aon Chomhalta de Chomhairle EDC is Páirtí Conarthach i gCoinbhinsiún CC na tograí nó aon chuid díobh a chur faoi bhráid Choiste CC lena n-athscrúdú. Molann Comhairle EDC leasuithe ar an Ainmníocht atá I gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún CC, mar riail ghinearálta, gach 5 bliana.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in EDC a bhunú maidir le Moladh a bhaineann le leasú a dhéanamh ar an Ainmníocht atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún CC, ós rud é, a luaithe a ghlacfar leis i gcomhréir le hAirteagal 16 de Choinbhinsiún CC, go mbeidh Moladh den sórt sin ina cheangal ar an Aontas faoin dlí idirnáisiúnta agus go mbeidh sé in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, go háirithe Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle [4].

[1] Cinneadh 87/369/CEE ón gComhairle an 7 Aibreán 1987 maidir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí agus an Prótacal lena ndéantar Leasú air, a thabhairt i gcrích (IO L 198, 20.7.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1987/369/oj).
[2] IO L 198, 20.7.1987, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/1987/369/oj.
[3] IO L 198, 20.7.1987, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/prot/1987/369/oj.
[4] Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

(5) De bhun Airteagal 8(3) de Choinbhinsiún CC, Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú, comhairle eile faoi léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe, a ullmhaítear le linn seisiún de Choiste CC, tá siad le meas a bheith formheasta ag Comhairle EDC i gcás nach bhfuil, tráth nach déanaí ná deireadh an dara mí tar éis na míosa ar dúnadh an seisiún ar lena linn a glacadh iad, fógra ó aon Pháirtí Conarthach i gCoinbhinsiún CC tugtha d'Ard-Rúnaí EDC ina n-iarrann sé go ndéanfadh Coiste CC athscrúdú orthu nó go gcuirfí faoi bhráid Chomhairle EDC iad.

(6) De bhun Airteagal 8(4) de Choinbhinsiún CC, i gcás ina gcuirtear ábhar faoi bhráid Chomhairle EDC faoi fhorálacha mhír 2 den Airteagal sin, tá Comhairle EDC le na Nótaí Míniúcháin sin, na Tuairimí sin maidir le hAicmiú, an chomhairle nó na moltaí eile sin a fhormheas, ach amháin má iarrann aon Chomhalta de Chomhairle EDC is Páirtí Conarthach i gCoinbhinsiún CC go gcuirfear faoi bhráid Choiste CC iad ina n-iomláine nó i bpáirt lena n-athscrúdú.

(7) An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in EDC maidir le formheas Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú nó comhairle eile faoi léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht maidir le léirmhíniú Choinbhinsiún CC a áirithiú, is iomchuí an seasamh sin a bhunú ós rud é go mbeidh na cinntí sin a ullmhaíonn Coiste CC in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, eadhon, Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87.

(8) Is chun leasa an Aontais é go mbunaítear na seasaimh a léiríonn an tAontas i gCoiste CC de réir prionsabail, critéir agus treoshuíomhanna lena rialaítear aicmiú earraí de réir taraife. Is chun leasa an Aontais é freisin go mbunaítear na seasaimh sin go tapa chun é a chur ar a chumas don Aontas a chearta a fheidhmiú i gCoiste CC.

(9) Chun cearta an Aontais a chaomhnú, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann a iarraidh thar ceann an Aontais go gcuirfí an t-ábhar faoi bhráid Chomhairle EDC agus faoi bhráid Choiste CC lena athscrúdú de bhun Airteagal 8(2) de Choinbhinsiún CC, chun é a sheachaint go nglacfaí cinneadh maidir le hábhar nach féidir le Comhairle ECD seasamh a ghlacadh ina leith roimh dhul in éag an sprioc-ama dá bhforáiltear in Airteagal 8(3) de Choinbhinsiún CC, nó a bhfuil seasamh glactha ag an gComhairle ina leith atá éagsúil, ó thaobh substainte de, leis an gcinneadh a ghlac Coiste CC.

(10) I bhfianaise a athraithí agus a theicniúla atá aicmiú na n-earraí faoi Choinbhinsiún CC, i bhfianaise líon ard na gceisteanna a phléitear le linn an dá chruinniú de Choiste CC a reáchtáiltear gach bliain agus i bhfianaise na tréimhse giorra ama a bhíonn ar fáil chun na doiciméid a eisíonn Rúnaíocht EDC agus Páirtithe Conarthacha I gCoinbhinsiún CC a mheas mar ullmhúchán do chruinnithe Choiste CC agus an gá a bhíonn ann, dá bhrí sin, go gcuirfí faisnéis nua a chuirtear i láthair roimh na cruinnithe sin nó lena linn san áireamh sa seasamh ón Aontas agus go ngníomhófaí ar an bhfaisnéis sin, ba cheart na bearta is gá a bhunú, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis idir institiúidí an Aontais mar a chumhdaítear in Airteagal 13(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, chun an seasamh ón Aontas a shonrú.

(11) Le Cinneadh (AE) 2023/2898 ón gComhairle ([5]), bunaíodh nós imeachta éifeachtúil brostaithe chun an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais a bhunú maidir le formheas na Nótaí Míniúcháin, na dTuairimí maidir le hAicmiú nó na comhairle eile faoi léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe faoi Choinbhinsiún CC, agus maidir le gníomhartha den chineál sin a ullmhú in EDC. Ós rud é go rachaidh an Cinneadh sin in éag an 31 Nollaig 2026, is iomchuí Cinneadh nua a chur ina ionad chun leanúnachas a áirithiú, agus deimhneacht dhlíthiúil agus éifeachtúlacht a fheabhsú.

(12) Ó tharla gur go déanach, arís agus arís eile, a bhíonn fáil ar na doiciméid oibre roimh chruinnithe Choiste CC, agus chun cearta agus leasanna an Aontais a chaomhnú laistigh de EDC, ba cheart don Choimisiún a seacht ndícheall a dhéanamh iarraidh ar Rúnaíocht EDC a áirithiú go mbeidh doiciméid oibre ar fáil i gcomhréir le rialacha nós imeachta Choiste CC, ionas go seolfar na doiciméid sin 30 lá ar a laghad roimh thús an tseisiúin ábhartha.

(13) Chun a áirithiú go mbeidh an Chomhairle in ann, ar bhonn rialta, measúnú a dhéanamh ar an mbeartas atá sa Chinneadh seo agus, i gcás inarb iomchuí, é a athbhreithniú, agus de réir mheon an chomhair dhílis idir institiúidí an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 13(2) CAE, ba cheart teorainn ama a chur le bailíocht an Chinnidh seo.

(14) Chun seasamh de chuid an Aontais a choinneáil ar bun maidir le Moladh ó Chomhairle EDC a bhaineann le leasú a dhéanamh ar an Ainmníocht atá I gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe a ghlactar de bhun Airteagal 16 de Choinbhinsiún CC, agus maidir le Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú nó comhairle eile faoi léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe a fhormheas, agus maidir le hullmhú na ngníomhartha sin in EDC tar éis Cinneadh (AE) 2023/2898 a dhul in éag an 31 Nollaig 2026, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2027,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is i gcomhréir leis na prionsabail, na critéir agus na treoshuíomhanna a leagtar síos i Roinn I den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a bhunófar an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim maidir le Moladh a bhaineann le leasú a dhéanamh ar an Ainmníocht atá I gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe agus le formheas Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú nó comhairle eile faoi léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe, agus maidir leis na gníomhartha sin a ullmhú in EDC.

Airteagal 2

Maidir le seasamh an Aontais a ghlacfar faoi Airteagal 1 a shonrú, déanfar é I gcomhréir le Roinn II den Iarscríbhinn.

([5]) Cinneadh (AE) 2023/2898 ón gComhairle an 19 Nollaig 2023 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC) i ndáil le glacadh Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú nó comhairle eile faoi léiriú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léiriú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe (IO L, 2023/2898, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2898/oj).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo I bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2027 go dtí an 31 Nollaig 2032.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. HARRIS

IARSCRÍBHINN

I. An seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC) i ndáil le Moladh maidir le leasú a dhéanamh ar an Ainmníocht atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe, ar cuid dhílis de é de bhun Airteagal 2 den Choinbhinsiún sin, agus formheas na Nótaí Míniúcháin, na dTuairimí maidir le hAicmiú nó comhairle eile faoi léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a áirithiú maidir le léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe.

1. NA PRIONSABAIL

Faoi chuimsiú na hEagraíochta Domhanda Custaim (EDC), déanfaidh an tAontas an méid a leanas:

(a) déanfaidh sé aicmiú earraí de réir custaim agus aonfhoirmeacht maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe (CC) a chur chun cinn agus a éascú agus cuirfidh sé leis an aicmiú agus leis an aonfhoirmeacht sin, agus déanfaidh sé líon na gcásanna agus na ndíospóidí faoi léirmhínithe éagsúla an Chórais Chomhchuibhithe a laghdú;

(b) oibreoidh sé chun rannpháirt iomchuí i gcéim ullmhúcháin chinntí an Choiste um an gCóras Comhchuibhithe (Coiste CC) a thabhairt do pháirtithe leasmhara, agus áiritheoidh sé gur i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí (Coinbhinsiún CC) a bheidh cinntí a ghlacfar in EDC ([1]);

(c) áiritheoidh sé go mbeidh aon bheart a glacadh in EDC ag luí leis na rialacha ginearálta maidir le léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe;

(d) na seasaimh atá comhsheasmhach leis na dea-chleachtais a d'fhorbair an tAontas sa réimse lena mbaineann, cuirfidh sé na seasaimh sin chun cinn;

(e) cuirfidh sé simpliú agus nuachóiriú ar Ainmníocht CC chun cinn de réir mar a athraíonn riachtanais na n-úsáideoirí agus forbairt teicneolaíochtaí nua;

(f) áiritheoidh sé comhsheasmhacht lena bheartais eile, lena n-áirítear an cuspóir maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, agus le gealltanais idirnáisiúnta a mhéid atá ábhartha i bhfianaise chineál sonrach an aicmithe custaim.

2. NA CRITÉIR

Na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais in EDC:

(a) bunófar iad de réir na gcritéar ginearálta a leanas:

— an prionsabal go mbeidh, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus fíorú réidh, go mbeidh an critéar cinntitheach maidir le haicmiú earraí go ginearálta, chun críoch custaim, á lorg ina ngnéithe agus a sainghnéithe oibiachtúla mar a shainítear i bhfoclaíocht na gceannteideal ábhartha sa Chóras Comhchuibhithe agus i nótaí na Roinne nó na Caibidle, agus

([1]) Cinneadh 87/369/CEE ón gComhairle an 7 Aibreán 1987 maidir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, agus leis an bPrótacal lena leasaítear é, a thabhairt i gcrích (IO L 198, 20.7.1987, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1987/369/oj).

— na rialacha ginearálta maidir le léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún CC.

(b) i gcás inarb infheidhme, agus cé is moite den Mholadh do na Páirtithe Conarthacha maidir le leasú a dhéanamh ar an Ainmníocht atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe, cuirfear na critéir shonracha seo a leanas san áireamh:

— cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a bhaineann le haicmiú custaim ar earraí,

— Ainmníocht CC agus Nótaí Míniúcháin CC, tuairimí agus cinntí maidir le hAicmiú a ghlac Coiste CC,

— fo-cheannteidil na hAinmníochta Comhcheangailte (AC) ([2]) agus Nótaí Míniúcháin AC,

— rialacháin agus cinntí maidir le haicmiú a ghlac an Coimisiún,

— conclúidí ó Roinn na hAinmníochta Taraife agus Staidrimh den Choiste um an gCód Custaim, agus

— aon ghníomh dlí nó treoirlíne eile a bhaineann le haicmiú custaim ar earraí arna bhforbairt ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún.

3. NA TREOSHUÍOMHANNA

I gcás inarb iomchuí, féachfaidh an tAontas le tacú leis na cinntí seo a leanas a ghlacadh in EDC, de réir na bprionsabal agus na gcritéar dá dtagraítear i bpointí 1 agus 2:

(a) Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú nó comhairle eile a mholadh agus a ullmhú mar threoraíocht chun an Córas Comhchuibhithe a léirmhíniú;

(b) moltaí a ullmhú chun aonfhoirmeacht maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe a áirithiú;

(c) moladh do na Páirtithe Conarthacha maidir le leasú a dhéanamh ar an Ainmníocht atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe, arna ghlacadh ag an gComhairle de bhun Airteagal 8(1) agus Airteagal 16 de;

II. Sonrú an tseasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim i ndáil le glacadh Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú nó comhairle eile faoi léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a áirithiú maidir le léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe, agus an Moladh maidir le leasú a dhéanamh ar an Ainmníocht atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe.

Roimh gach cruinniú de Choiste CC a n-iarrfar ar Choiste CC lena linn cinntí a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo ar an Aontas a ghlacadh, déanfar na bearta is gá ionas go gcuirfear san áireamh sa seasamh a léireofar thar ceann an Aontais an fhaisnéis theicniúil agus an fhaisnéis ábhartha eile is déanaí a tarchuireadh chuig an gCoimisiún, i gcomhréir leis na prionsabail, na critéir agus na treoshuíomhanna a leagtar amach i roinn I. Chun cearta agus leasanna an Aontais in EDC a chaomhnú, tabharfaidh an Coimisiún dá aire go háirithe go mbeidh fáil ar dhoiciméid oibre i gcomhréir le rialacha nós imeachta Choiste CC.

([2]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

Chuige sin, agus bunaithe ar an bhfaisnéis sin, tarchuirfidh an Coimisiún chuig an gComhairle, in am trátha roimh gach cruinniú de Choiste CC dá dtagraítear i bpointe 1, doiciméad i scríbhinn ina leagfar amach sonraí na sonraíochta atá beartaithe maidir leis an seasamh ón Aontas chun sonraí an tseasaimh atá le cur in iúl thar ceann an Aontais a phlé agus a fhormhuiniú. Scrúdóidh an Chomhairle doiciméid an Choimisiúin a luaithe agus is féidir.

Mura bhformhuineoidh an Chomhairle cuid shonrach den togra, ní thíolacfaidh an Coimisiún seasamh thar ceann an Aontais maidir leis an gcuid sin ag Coiste CC.

I gcás ina bhfuil difear substaintiúil idir an seasamh ón Aontas agus an cinneadh a ghlac Coiste CC, déanfaidh an Coimisiún, in am trátha roimh an sprioc-am dá bhforáiltear faoi Airteagal 8(3) de Choinbhinsiún CC, doiciméad i scríbhinn a tharchur chuig an gComhairle lena phlé nó lena fhormheas, ina leagfar síos gur féidir an cinneadh/na cinntí atá i gceist a ghlacadh nó gur gá an cheist a chur faoi bhráid Chomhairle EDC nó faoi bhráid Choiste CC lena hathscrúdú de bhun Airteagal 8(2) de Choinbhinsiún CC.

Chun cearta an Aontais a chaomhnú agus ionas nach nglacfaí cinneadh maidir le hábhar nach féidir leis an gComhairle seasamh a ghlacadh ina leith roimh an sprioc-am dá bhforáiltear faoi Airteagal 8(3) de Coinbhinsiún CC atá á ghlacadh in EDC, iarrfaidh an Coimisiún thar ceann an Aontais go gcuirfear an t-ábhar faoi bhráid Chomhairle EDC nó faoi bhráid Choiste CC lena athscrúdú de bhun Airteagal 8(2) de Choinbhinsiún CC.

Roimh an gcruinniú de Chomhairle EDC, ina n-iarrfar ar Chomhairle EDC an Moladh maidir le leasú na hAinmníochta atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe a ghlacadh, tarchuirfidh an Coimisiún chuig an gComhairle, in am trátha roimh an gcruinniú de Chomhairle EDC, dréachtdoiciméad ina leagfar amach sonraí na sonraíochta atá beartaithe maidir leis an seasamh ón Aontas chun sonraí an tseasaimh atá le cur in iúl thar ceann an Aontais a phlé agus a fhormhuiniú. Scrúdóidh an Chomhairle doiciméid an Choimisiúin a luaithe agus is féidir.